Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

***Aitheasc Chomhairle Chontae na Gaillimhe chuig 'Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Pobal Labhartha na Gaeilge' maidir le***

***'Ag spreagadh Foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge'***

***Dé Céadaoin an 25 Bealtaine 2022***

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl don Chomhchoiste Oireachtais as cuireadh a thabhairt dúinn an tAitheasc seo maidir le 'Ag spreagadh foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge' a thabhairt.

**Forléargas agus Comhthéacs**

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá meas aici ar an tábhacht a bhaineann leis an gceantar Gaeltachta is mó sa tír atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe. Síneann ceantar Gaeltachta na Gaillimhe ó Baile Chláir, atá taobh thoir den chathair, go Cloch na Rón in iarthar Chonamara, achar tuairim is 100km, agus as Oileáin Árann ó thuaidh go dtí teorainn chontae Mhaigh Eo.

De réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 na Príomh-Oifige Staidrimh, 179,390 duine atá i gceist le daonra an Chontae faoi láthair (gan Cathair na Gaillimhe san áireamh). As na daoine sin, thug 49% díobh le fios go raibh siad ábalta Gaeilge a labhairt, rud a chiallaíonn go bhfuil an céatadán is airde i dtaobh daoine a labhraíonn Gaeilge, as gach contae riaracháin don daonra go léir atá 3 bliana nó níos sine, i gContae na Gaillimhe.

Tá an daonra Gaeltachta is mó in Éirinn i gContae na Gaillimhe ar an iomlán (le Cathair na Gaillimhe san áireamh) ina bhfuil 49.7% (49,524 duine) den daonra náisiúnta Gaeltachta. Tá 15,774 de na daoine sin laistigh de cheantair Ghaeltachta i gCathair na Gaillimhe agus titeann siad sin faoi chúram Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá an 33,750 eile atá fanta i gceantair Ghaeltachta i gContae na Gaillimhe, agus b'ionann an líon is mó de chainteoirí laethúla Gaeilge agus 29% (Daonáireamh 2016). Is í an Ghaeilge teanga laethúil an phobail i bpobail as na Forbacha go Carna, Oileáin Árann san áireamh.

Is teanga bheo í an Ghaeilge, a dtacaítear léi i bpobail éagsúla chomh maith le bheith ina hoidhreacht luachmhar a gcaithfear í a chaomhnú agus a chosaint do na glúnta atá le teacht. Agus aird á tabhairt againn ar phleananna agus tionscnaimh éagsúla na Comhairle Contae, glacann Leabharlanna na Gaillimhe go fonnmhar lena bhfís agus cúram mar a aithnítear iad faoi Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 - 2024. Leagtar treo straitéiseach ár gcuid seirbhísí amach leis an bhfís seo agus chuathas i mbun comhairliúchán leathan leis an bpobal, comhaltaí tofa agus baill foirne chomh maith le rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh leo chun eolas a dhéanamh di. Is é an cúram atá orainn:

*'Seirbhís Leabharlainne a fhorbairt agus a chur chun cinn a chumasóidh foghlaim fadsaoil, soláthar eolais, rannpháirtíocht an phobail, aitheantas cultúir agus cruthaitheacht'* agus *'deiseanna a fhiosrú go hiomlán agus an leas is fearr a bhaint astu chun comhpháirtíochtaí a bhunú, pobail a chothú agus faisnéis a roinnt ar bhealach oscailte agus neamhbhreithiúnach.'*

As an sainchúram sin, aithnítear i bPlean Forbartha Eatramhach (2022-2023) agus i bPlean Gnó Seirbhíse (2022) Leabharlanna na Gaillimhe gníomhartha gnó a chuidíonn linn na gealltanais atá déanta againn a chomhlíonadh. Tá dhá aidhm mar sin leis an gcur chuige atá againn i leith na ngealltanas sin.

Cuireann muid úsáid na Gaeilge chun cinn agus tacaíonn muid léi leis an ngealltanas atá déanta againn seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus aithníonn muid an méid ar leith a chuireann sí le héagsúlacht chultúir faoin sainchúram caomhnú na hoidhreachta agus na teanga.

Leis an gcomhthéacs sin san áireamh, tá líonra ina bhfuil 29 leabharlann brainse, leabharlann soghluaiste agus seirbhís leabharlainne do scoileanna ag freastal ar Chontae na Gaillimhe. Bíonn méid na leabharlann brainse éagsúil ag brath ar phróifíl an phobail a mbíonn siad ag freastal orthu agus áirítear orthu brainsí faoin tuath, leabharlanna baile agus líonra cathrach. Cuireann an leabharlann soghluaiste seirbhís ar fáil do shráidbhailte agus do phobail atá scoite amach agus nach bhfuil teacht acu ar leabharlann bhrainse sheasta. Cuireann seirbhís leabharlainne na scoileanna seirbhís ar fáil do 240 bunscoil sa chathair agus sa chontae.

Maidir leis na pobail sin arb í an Ghaeilge amháin an rogha teanga atá acu, freastalaíonn leabharlanna sa Spidéal agus ar an gCeathrú Rua orthu sin agus tá a Leabharlann féin ag gach ceann de thrí oileán Árann. Is í an Ghaeilge teanga oibre na leabharlann sin, agus sásaíonn sin an gealltanas seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil. Déantar foireann a earcú sna leabharlanna sin bunaithe ar an tábhacht a bhaineann le líofacht sa Ghaeilge.

Freastalaíonn an Leabharlann Soghluaiste ar cheantair ina labhraítear Gaeilge chomh maith lena n-áirítear Maigh Cuilinn, Sraith Salach, An Caiseal, Carna, Cill Chiaráin, Ros Muc agus Indreabhán. Tá sé de chumas ag go leor d'fhoireann an líonra brainse seirbhís a chur ar fáil go dátheangach.

Ar an gcaoi chéanna, cuireann an Rannóg Scoileanna atá againn seirbhís ar fáil do 39 Bunscoil i gceantar na Gaeltachta agus do 9 Gaelscoil atá lonnaithe ar fud an chuid eile den Chontae. Cuirtear an tseirbhís sin ar fáil i nGaeilge. Faigheann na scoileanna sin cuairt ón leabharlann uair amháin sa téarma agus cuirtear acmhainní agus tacaíochtaí ar fáil dóibh chun a n-aistear oideachais a fheabhsú.

**Foilsitheoireacht**

Tá ról lárnach ag Oifig Soláthair an Rialtais (OGP) i dtaobh earraí agus seirbhísí a chur ar fáil ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla ó thaobh costas de agus luach ar airgead a chinntiú don cháiníocóir. Áirítear gnáthearraí agus seirbhísí chomh maith le ceannach agus soláthar gach leabhar agus ábhar leabharlainne mar chuid den sainchúram sin. Tá próiseas conartha agus comhaontaithe mar bhonn faoin bpróiseas sin. Ciallaíonn sin nach féidir leabhair leabharlainne a cheannach ach ón soláthróir a bhfuil an tairiscint aige faoi láthair na leabhair sin a sholáthar faoin gCreat-Chomhaontú. Maidir le hábhar a fhoilsítear in Éirinn, bíodh sé i nGaeilge nó ná bíodh, is é Irish Library Suppliers (ILS), atá ag trádáil go poiblí mar Alan Hanna's Bookshop i mBaile Átha Cliath, an soláthróir a bhfuil an tairiscint aige faoi láthair. I measc na soláthróirí eile ar an gCreat a bhféadfadh ábhar Gaeilge a bheith le díol acu tá IES (International Education Services) d'ábhar páistí agus O'Mahony's Bookshop i Luimneach d'ábhar neamhfhicsin do Dhaoine Fásta.

Ní mór d'fhoilsitheoirí ábhair Ghaeilge a stoc a bheith ar fáil acu tríd an soláthróir ainmnithe chun go mbeidh leabharlanna ábalta ábhar a cheannach dá mbailiúcháin. Ón taithí atá againn ina leith sin, is féidir le cumarsáid le tithe foilsitheoireachta maidir leis an gCreat seo a bheith neamhéifeachtach in amanna agus d'fhéadfaí deiseanna chun stoc a cheannach a chailliúint. Is féidir leis sin frustrachas a chur ar an dá pháirtí agus laghdaíonn clóritheanna teoranta na deiseanna a bhíonn ag leabharlanna an stoc sin a cheannach laistigh den timthriall cló.

Bíonn baint ag tithe foilsitheoireachta le hathchló ábhair, leaganacha faoi chlúdach bog nó léaráidí leasaithe nó maisitheoirí nuachoimisiúnaithe. Cé go bhfuil an tábhacht atá le stoc a cheannach le cur in áit stoc atá damáistithe nó imithe amú luaite go soiléir inár dTreoirlínte Forbartha Bailiúchán, tá muid dírithe go mór ar ábhar nuafhoilsithe a chur ar fáil. Is féidir leis sin a bheith deacair le fáil agus le ceannach in amanna.  Ní mór aghaidh a thabhairt ar thuairim amháin eile, níl gach ábhar atá foilsithe feiliúnach, ná tóir air go deimhin, i ngach ceantar Gaeltachta. De bharr go bhfuil éagsúlachtaí canúintí i gceist i gCiarraí, Dún na nGall agus i nGaillimh, is féidir le stoc a fháil a shásaíonn riachtanais agus próifíl an phobail a bheith dúshlánach in amanna.

Aithníodh san athbhreithniú ar thug Rannán na Scoileanna faoi ar an stoc 41 teideal mar chuid dá dtacair úrscéalta ranga Gaeilge. Tá 30 cóip i ngach tacar, agus déantar na tacair sin a scaipeadh ar scoileanna do léitheoireacht ranga ar fud an chontae mar atá iarrtha ag an bhfoireann teagaisc. D'aithin ár bhfoireann go bhfuil bearna sa mhargadh d'ábhar Gaeilge neamhfhicsin a chur ar fáil do leanaí.  Ón gcumarsáid leanúnach a dhéanann muid le múinteoirí baineann an fhadhb sin leis an tionscal agus ní le teipeadh sa phróiseas tairisceana. Aithnítear easpa soláthair go soiléir. I gcomhréir leis na Treoirlínte Forbartha Bailiúchán atá againn, glacann an fhoireann ceannacháin gradaim a leagann béim ar ábhar Gaeilge san áireamh.  Cuireann gradaim amhail Gradam Réics Carló (Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg), Gradam de Bhaldraithe (Leabhar na Bliana do shaothar aistrithe go Gaeilge ó theanga eile) agus Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta) deiseanna ar fáil chun ábhar ar chaighdeán maith, ábhar tarraingteach a chur os comhair an phobail agus cuireann leis an stór d'ábhar Gaeilge atá againn.

Is fiú a luadh go gcuireann gach leabharlann i gContae na Gaillimhe bailiúchán d'ábhar Gaeilge ar fáil do dhaoine fásta agus leanaí araon ag brath ar mhéid an phobail.

Cé go léiríonn an achoimre ghearr seo an scóip, na teorainneacha agus na dúshláin a bhaineann le hábhar Gaeilge a fháil lena áireamh inár mbailiúcháin, labhróidh mé anois faoi na cláir, tionscnaimh agus straitéisí rannpháirtíochta atá againn agus a úsáideann muid chun léitheoireacht na Gaeilge a spreagadh.

**Léitheoireacht na Gaeilge**

Mar a luadh cheana sa cháipéis seo, tá dhá aidhm leis an gcur chuige atá againn i leith na ngealltanas aitheanta. I gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus le Scéim Teanga 2019 - 2022 Chomhairle Chontae na Gaillimhe, cinntíonn an straitéis chumarsáide atá againn go gcuimsítear úsáid na Gaeilge ar an láithreán gréasáin atá againn agus ar na Meáin Shóisialta trí fhógraí, leabhráin agus póstaeir a ullmhú.  Tá an próiseas ballraíochta atá againn ar fáil i nGaeilge trí chártaí iarratais intí agus ar an láithreán gréasáin. Cuireann baill foirne i gceantair Ghaeltachta an tseirbhís sin ar fáil ar bhonn laethúil i nGaeilge amháin agus is féidir seirbhísí s'againne a chur ar fáil go dátheangach ar fud an chontae nuair is gá sin.

Cuireann an gealltanas atá tugtha againn i leith soláthar seirbhísí agus feachtasaíocht phobail deiseanna ar fáil dúinn dul i mbun rannpháirtíochta le comhpháirtithe straitéiseacha. Ciallaíonn leas a bhaint as deiseanna lenár gcuid seirbhísí i gceantair Ghaeltachta a chur os comhair an phobail go mbíonn deis ag an bhfoireann labhairt ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4 chomh maith le bheith ag obair le Gaillimh le Gaeilge.

Tá an sainchúram atá orainn léitheoireacht na Gaeilge a spreagadh bunaithe ar an tuiscint gur teanga bheo í an Ghaeilge. Ina fhianaise sin, cuireann muid imeachtaí agus tionscnaimh ar bun go gníomhach chun bealaí spraíúla, rannpháirtíochta agus taiscéalaíochta a chur ar fáil do phobail le húsáid a bhaint as an nGaeilge. Trí chluichí boird i nGaeilge amhail Scrabble agus Monopoly a chur ar fáil mar shampla, cuirtear deiseanna ar fáil don phobal lena gcuid Gaeilge a chleachtadh, focail nua a fhoghlaim agus naisc a dhéanamh ina bpobail féin le daoine a labhraíonn Gaeilge. Spreagann cluichí amhail 'Snap as Gaeilge' nó Tuar Ceatha a bheith ar fáil léirshamhlú agus normalú na Gaeilge i dtimpeallacht pobail. Tá na cluichí boird sin le fáil i ngach ceann de na Ceantair Bhardasacha i gContae na Gaillimhe.

Léirítear úsáid neamhfhoirmeálta agus ionchuimsitheach na Gaeilge chomh maith leis an gCiorcal Comhrá a chuireann roinnt de na leabharlanna atá againn ar fáil. Is bealach thar a bheith éifeachtach é seo chun daoine sa phobal a spreagadh le húsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge, beag beann ar a gcumas, i dtimpeallacht réchúiseach agus fháilteach. Cuireann amháin lena ngrúpa féin trí shleachta as leabhair agus píosaí filíochta a léamh d'fhonn aird a tharraingt ar an ábhar Gaeilge atá ar fáil.

Déantar cúram freisin sna cláir do thionscnaimh náisiúnta amhail Seachtain na Gaeilge nuair a thugtar deiseanna chun an teanga bheo a léiriú agus an oidhreacht chultúir a bhaineann leis an nGaeilge le chéile. Ó dhamhsa ar an Sean-nós, seisiúin seanchais agus ceardaíocht sna leabharlanna, tugtar deis do phobail éagsúlacht chultúir an Chontae a fhiosrú. Tugann na brainsí faoi obair mhór phromóisin ar fud an Chontae chun béim á leagan ar an stoc leabhar Gaeilge atá againn agus é sin a chur chun cinn agus daoine a ghríosú ina threo.

Áirítear ar thionscnaimh náisiúnta eile nach bhfuil ar siúl ach i Leabharlanna s'againne na tionscadail '*Preab isteach sa scéal*' agus 'Réaltaí Samhraidh' chomh maith le '*Am Teaghlaigh ag do Leabharlann'*. Tugann siad sin léargas ar an bhfeachtas náisiúnta atá againn 'Ceart chun Léitheoireachta' a spreagann forbairt litearthachta ar fud ár gcuid seirbhísí agus a thugann ugach do theaghlaigh a bheith páirteach. Reáchtálann Rannóg na Scoileanna agus bainisteoirí brainse ceardlanna, cuairteanna ó údair agus seisiúin scéalaíochta a mbíonn údair agus scéalaithe mór le rá as Éirinn páirteach iontu agus bhí na húdair Julie Anne de Brún, Saidhbh Devlin, Patricia Forde agus Pat Speight ina measc.

Nuair a bhí an dianghlasáil agus srianta COVID i bhfeidhm, d'aimsigh Leabharlanna na Gaillimhe ealaíontóirí agus rinne amanna scéalaíochta a choimisiúnú agus reáchtáladh na seisiúin sin ar na hardáin meán sóisialta atá againn. Rinneadh amanna scéalaíochta a reáchtáil ar líne agus léadh scéalta i nGaeilge agus i mBéarla araon le haitheantas tugtha don údar, maisitheoir agus foilsitheoir. Baineadh lucht spéise nár baineadh amach riamh cheana roimhe sin leis na seisiúin sin. An samhradh seo caite, cuireadh scéalaíocht chruthaitheach amuigh faoin aer ar siúl i roinnt brainsí leabharlainne, leabharlanna sa Ghaeltacht ina measc.

Tá ceann den 7 ionad Europe Direct atá sa tír seo á reáchtáil i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe. Cuireann Leabharlann na Ceathrún Rua seirbhís satailíte ar fáil i nGaeilge chomh maith. Reáchtáiltear Comórtas Europe Direct Soapbox gach bliain. Is comórtas don chaint phoiblí é seo agus is féidir le gach saoránach sa tír cur isteach air. Tá dhá chatagóir i gceist, 16 bliana agus níos óige agus 17

mbliana agus níos sine. Ba as Conamara buaiteoir náisiúnta na bliana 2021 sa chatagóir 16 bliana agus níos óige agus rinne sise a hóráid i nGaeilge. Ba as Conamara freisin an duine a tháinig sa dara háit sa chatagóir 17 mbliana nó níos sine agus arís, rinne seisean a óráid i nGaeilge. Is iad na hIonaid Europe Direct a bhainistíonn an comórtas seo agus iad lonnaithe i leabharlann phoiblí ar fud na tíre agus is iontach an t-ardán é chun an Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Bíonn iontrálaithe i gcónaí ag Gaillimh le dul san iomaíocht agus oibríonn Leabharlann na Ceathrún Rua go dlúth le scoileanna an cheantair lena chinntiú go gcuirtear iarratais ar aghaidh i nGaeilge.

Tacaíonn an tseirbhís leabharlainne fhíorúil atá againn trí ríomhLeabhair a chur ar fáil i nGaeilge trí Borrowbox agus Transparent Languages, aip ar líne chun teangacha a fhoghlaim ar a bhfuil na céadta teangacha, an Ghaeilge san áireamh. Tá na hacmhainní ar líne seo ar fáil saor in aisce 24/7 do bhaill chláraithe leabharlainne beag beann ar an áit a bhfuil siad sa Chontae.

Cé go bhfuil béim leagtha agam ar shainchúram ár gclár agus ar an ngealltanas atá tugtha againn seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, tá gealltanas tugtha againn freisin maidir leis an aitheantas cultúir agus staire a bhaineann leis an nGaeilge. Bíonn an togra Léamh Mór na Gaillimhe ar siúl gach bliain i mí na Samhna faoina ndéantar údair na hÉireann agus scríobh na Gaeilge a cheiliúradh agus féachtar leis oidhreacht litearthachta, stair agus cultúr ar leith na Gaillimhe a chur chun cinn agus meas ar a hiléagsúlacht agus saibhreas a chothú. Áirítear Eilís Dillon, Walter Macken agus Pádraic Ó Conaire agus neart údair eile ar na húdair a ndearnadh cuntas orthu. Tugann an clár seo ardán do na húdair thábhachtacha seo agus níos tábhachtaí arís, dá saothar, agus cuireann deiseanna ar fáil chun léachtaí, ceardlanna, taispeántais agus léamha dátheangacha a reáchtáil chun feasacht a ardú inár bpobail. D'eascair roinnt foilseachán as Léamh Mór na Gaillimhe, Mná an Iarthair: Ealaín, Saoránacht agus Litríocht (2018) agus Westward Ho! Camchuairt na Gaillimhe, 1840-1950 (2021) ach go háirithe. Faigheann an clár seo tacaíocht trasrannach agus bíonn fáilte mhór roimhe i bhféilire imeachtaí na Gaillimhe.

Táimid mórtasach as na cláir, tionscadail agus tionscnaimh éagsúla a chuireann ar ár gcumas léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn. Tacaíonn muid le forbairt na foirne trí thionscnaimh éagsúla oiliúna a chur ar fáil dóibh lena muinín i dtaobh seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil a mhéadú agus tá muid ag súil go mór le tuilleadh obair i gcomhar a dhéanamh le domhan na foilsitheoireachta chun an saibhreas tallainne, cruthaitheachta agus cultúir a chuireann an Ghaeilge ar fáil dúinn anseo i nGaillimh a chur os comhair an phobail.